

Leabhar Nehemíais ar a dtugtar an tarna leabhar le hEsdras

Glacann an leabhar so a ainm ón té do scríbh é. Dáileamh ab ea an fear san d'Artacserceses Lámhfhada, rí na bPersach, agus do chuir an rí sin uaidh é agus chuir sé mar chúram air dul agus fallaí cathrach Iérúsalem do chur suas arís. Tugtar, leis, mar ainm ar an leabhar so an tarna leabhar d'Esdras, mar is leanúint é ar an dtuairisc a thosnaigh Esdras ar an dtreó a bhí ar phobal Dé tar éis teacht thar n-ais dóibh as an mbraighdineas.

Caib. a hAon

Nehemías ag caí agus ag troscadh agus ag guí chun Dé ar son na nGiúdach i Iúdea nuair ' airigh sé an cor mí-ámharach a bhí orthu.

1 Bréithre Nehemíais mhic Helchiais. Agus do thárla i mí Chasleu, sa bhfichiú bliain, agus me i gcaisleán Shusa, 2 go dtáinig Hananí, duine dem bráithribh, é féin agus cuid d'fhearaibh Iúda agus d'fhiafraíos díobh i dtaobh na nGiúdach a bhí ...¹ agus a bhí fágtha den bhraighdineas, agus i dtaobh (cathrach) Iérúsalem. 3 Agus dúradar liom: Na daoine a dh'fhan agus do fágadh den bhraighdineas sa dúthaigh táid siad i gcruatan mór agus fé tharcaisne, agus tá falla Iérúsalem briste ar lár, agus táid geataí na cathrach loiscithe le tine. 4 Agus nuair ' airíos an chainnt sin do shuíos síos agus bhíos ag gol agus ag caí ar feadh mórán laethanta, agus bhíos ag déanamh troscaidh agus ag guí os cómhair aghaidh Dé neimhe, agus deirinn: 5 Aicim ort, a Thiarna, a Dhia na bhflaitheas, a Dhia mhóir atá láidir scannrúil, ag cimeád connartha agus trócaire leis an muintir a thugann grá dhuit agus a chimeádann t'aitheanta. 6 Bíodh do chluasa ag tabhairt aire agus do shúile ar oscailt ag éisteacht le guí do sheirbhísigh, an guí atá agam á chur suas os do chómhair anois de ló agus d'óiche, ar son chlainne Israél, do sheirbhíseacha. Agus táim ag admháil peacaí chlainne Israél, na peacaí atá déanta acu i t'aghaidhse; agus tá peacaí déanta ag teaghlach m'athar féin*. 7 Do mealladh sinn le baois, agus níor chimeádamair t'aitheanta agus do *cheremóinte* agus do bhreitheanna, a dh'órdais dod sheirbhíseach Maois. 8 Cuímh'nigh ar an bhfocal a dh'órdais dod sheirbhíseach Maois, nuair adúraís: Má dheineann sibh iomarbas scaipfead sibh amach i measc na ngeinte: 9 ach má iompaíonn sibh thar n-ais chúm agus m'aitheanta do chimeád agus iad do dhéanamh, bíodh go mbeadh sibh seólta chun siúil go dtí na himeallaibh* is sia amach den domhan, baileód sibh as san agus tabharfad thar n-ais sibh chun na háite atá tofa agam chun m'ainme do bheith ann 'na cónaí.

10 Agus is iad do sheirbhísigh iad so, agus is iad do phobal iad, an pobal a dh'fhuasclais led mhórneart agus led lámh chómhachtach.

11 Aicim ort, a Thiarna, bíodh do chluas ag tabhairt aire do ghuí do sheirbhísigh, agus do ghuí do sheirbhíseach gur mian leó eagla ' bheith acu roimh th'ainm, agus stiúraigh do sheirbhíseach an lá so, agus tabhair trócaire dho os cómhair an fhir seo. Óir ba me dáileamh an rí.

Caib. a Dó

Nehemías ag teacht go Iérúsalem agus údarás aige ón rí Artacserceses, agus é ag spriocadh na nGiúdach chun na bhfallaí do chur suas arís.

1 Agus do thárla, i mí Nísain, sa bhfichiú bliain d'Artacserceses 'na rí, go raibh fíon os a chómhair, agus do thógas suas an fíon agus thugas don rí é, agus bhíos ag féachaint go tláithlag os cómhair an rí. 2 Agus duairt an rí liom: Cad 'na thaobh go bhfuil t'aghaidh dobrónach, óir ní fhéachann tú gan bheith id shláinte? Níl san gan chúis. Is amhlaidh atá drochní éigin nách eól dom id chroí.

1 Check missing word on p2080 of manuscript.

Agus tháinig eagla ana-mhór orm, 3 agus duart leis an rí: A rí, mair de shíor: cad 'na thaobh ná beadh m'aghaidh go dobrónach nuair atá an chathair 'na bhfuil uaghanna m'athrach 'na huaigheas, agus a geataí loiscithe le tine? 4 Ansan duairt an rí liom: Cad 'tá agat le hiarraidh? Agus do ghuíos chun Dé na bhflaitheas, 5 agus duart leis an rí: Más áil leis an rí é, agus má tá fabhar fála ageat sheirbhíseach id radharc, go gcurfá uait me go dtí Iúdea, chun cathrach agus chun uaghanna m'athar agus déanfad suas í. 6 Agus duairt an rí liom, agus an bhannrín a bhí 'na suí in' aice: Cad é an fhaid a bheidh do chuaird agus cathain a thiocfair thar n-ais? Agus do thaithn an scéal leis an rí agus chuir sé uaidh me agus cheapas aimsir do. 7 Agus duart leis an rí: Más é toil an rí é tugadh s é dhom leitreacha chun rialtóirí na tíre atá ar an dtaobh eile den abhainn, go seólfaid siad anonn me go dtí go sroisead Iúdea: 8 agus leitir chun Asaiph cimeádaí foraoise an rí chun go dtabharfadh sé adhmaid dom i dtreo go gclúdód geataí túir an tí agus fallaí na cathrach, agus an tigh go raghad isteach ann. Agus do thug an rí dhom, de réir lámha fóna mo Dhia liom.

9 Agus thánag chun rialtóirí na tíre ar an dtaobh eile den abhainn agus thugas dóibh leitreacha an rí. Agus bhí an rí tar éis taoiseacha airm, agus marcacha do chur liom. 10 Agus d'airigh Sanaballat an Honoríteach é sin, agus Tobias an seirbhíseach an tAmmoníteach, agus bhí buairt ana-mhór orthu toisc fear a bheith tagaithe chun dei-ratha do chur ar chláinn Israél. 11 Agus thánag go Iérúsalem agus bhíos ann ar feadh trí lá. 12 Agus d'éiríos san oíche, me féin agus roinnt bheag fear in éineacht liom, agus níor inseas d'éinne an rud a chuir Dia im chroí a dhéanamh i Iérúsalem, agus ní raibh aon bheithíoch in éineacht liom ach amháin an beithíoch go rabhas ar a mhúin. 13 Agus chuas amach san oíche trí gheata an ghleanna, agus ar aghaidh tobair an *dragoin*, agus go dtí geata an aoiligh, agus d'fhéachas ar fhalla Iérúsalem agus é briste ar lár, agus ar gheataibh na cathrach agus iad dóite le tine, 14 agus chuas go dtí geata an tobair agus go dtí *aqueduct* an rí, agus ní raibh aon áit ann go bhféadfadh an beithíoch a bhí fúm gabháil thairis. 15 Agus chuas suas san oíche fan an tsrutha agus d'fhéachas an falla, agus ansan chuas thar n-ais agus d'fhilleas go dtí geata an ghleanna agus thánag thar n-ais. 16 Ach ní raibh ' fhios ag na giúistísibh cá ndeigheas ná cad a bhí agam á dhéanamh, ná ní raibh aon ní inste fós agam do sna Giúdaigh, ná do sna sagairt, ná do sna huaislibh ná do sna giúistísibh, ná don chuid eile a bhí ag déanamh na hoibre.

17 Ansan duart leo: Is eól díbhse an cruatan 'na bhfuilimid toisc Iérúsalem a bheith 'na huaigheas agus a geataí dóite le tine. Téanam agus deinimís suas fallaí Iérúsalem agus ná bímís a thuilleadh 'nár n-asachán. 18 Agus thaispeánas dóibh conas mar a bhí lámh Dé go maith liom, agus bréithre an rí, na focail a labhair sé liom, agus duairt leo: Éirímís agus deinimís an foirineamh. Agus do neartaíodh a lámha chun maitheasa.

19 Ach d'airigh Sanaballat an Honoríteach an scéal, agus Tobias an seirbhíseach, an tAmmoníteach, agus Gossem an tArabach, agus bhíodar ag fonóid fúinn agus dhár dtarcaisniú, agus deiridís: Cad é an rud é seo atá ar siúl agaibh? An chun éirí i gcoinnibh an rí atáthaoi? 20 Agus d'fhreagas-sa iad agus duart leo: Dia na bhflaitheas is é atá ag cabhrú linn. Éirímís agus deinimís an foirineamh: ach níl páirt ná ceart ná cuímhne agaibhse i Iérúsalem.

Caib. a Trí

Tosnaíd siad ar na fallaibh do chur suas. Ainmneacha na bhfoirinitheoirí, agus a n-órdú.

1 Ansan d'éirigh Eliasib an t-árdshagart, agus a bhráithre na sagairt, agus chuireadar suas an tréadgheata: do naomhaíodar é agus chuireadar suas a dhóirse, chómh fada leis an dtúr céad cúbat féin do naomhaíodar é chómh fada le túr Hananeel. 2 Agus d'fhoirinimh fir Iéricho in' aice sin, agus 'na n-aice sin Sachur mac Amri. 3 Ach do chuir clann Asnaa suas geata an éisc: agus chlúdaíodar é, agus chuireadar suas na dóirse, agus na gluís, agus na sabhanna. Agus 'na n-aice sin d'fhoirinimh Marimut mac Uriais mhic Accuis. 4 Agus in' aice sin d'fhoirinimh Mosollum mac

Leabhar Nehemíais ar a dtugtar an tarna leabhar le hEsdras

Bharachiais mhic Mheresebel. Agus 'na n-aice sin d'fhoirínimh Sadoc mac Bhaana. 5 Agus 'na n-aice sin d'fhoirínimh na Tecuítigh. Ach níor chuir a bhfir mhóra a muineálacha chun oibre an Tiarna. 6 Agus do chuir Ioiada mac Phasea agus Mosollam mac Bhesodia suas an seanagheata. Do chlúdaíodar é agus chuireadar a dhóirse agus a ghluis agus a shabhanna. 7 Agus 'na n-aice sin d'fhoirínimh Meltias an Gabaoníteach agus Iadon an Meronatíteach, fir Ghabaoín agus Mhaspha don rialtóir a bhí sa tír ar an dtaobh eile den abhainn. 8 Agus in' aice sin d'fhoirínimh Esiel mac Araia, an ceárd óir. Agus in' aice sin d'fhoirínimh Ananias mac an chúmharthachtóra. Agus d'fhágadar Iérúsalem chómh fada le falla na sráide leithne. 9 Agus in' aice sin d'fhoirínimh Raphaia mac Huir, tiarna sráide Iérúsalem. 10 Agus in' aice sin d'fhoirínimh Iedaia mac Haramaiph, ar aghaidh a thí féin anonn. Agus in' aice sin d'fhoirínimh Hatus mac Hasabonia. 11 Do chuir Melchias mac Herem agus Hasub mac Phahait^s suas leath na sráide agus túr na bhfúirnéisí. 12 Agus in' aice sin d'fhoirínimh Sellum mac Alohes, tiarna ar leath sráide Iérúsalem, é féin agus a chlann iníon. 13 Agus do chuir Hanun suas geata an ghleanna, é féin agus muintir Sanoe, chuireadar suas é agus chuireadar suas a dhóirse agus a ghluis agus a shabhanna, agus míle cúbat den fhalla chómh fada le geata an chárn-aoiligh. 14 Agus do chuir Malchias mac Rachaib suas geata ar chárn-aoiligh. B'é tiarna sráide Bhetacharaim é. Chuir sé suas é, agus a dhóirse, agus a ghluis, agus a shabhanna. 15 Agus do chuir Sellum mac Cholhosa suas geata an tobair. B'é tiarna sráide Mhaspha é. Chuir sé suas é, agus a dhóirse, agus a ghluis, agus a shabhanna, agus fallaí locha Siloe chómh fada le gárda an rí agus leis na céimeannaibh atá ag dul síos ó chathair Dháivid. 16 'Na dhiaidh sin d'fhoirínimh Nehemías mac Asboic, ba thiarna ar leath sráide Bhetsuir, chómh fada le har aghaidh uagha Dháivid anonn, agus leis an loch a cumadh le saothar mór, agus go dtí tigh na gcómhachtach. 17 'Na dhiaidh sin d'fhoirínimh na Levítigh, Rehum mac Bhenni. 'Na dhiaidh sin d'fhoirínimh Hasebias, tiarna ar leath sráide Cheila 'na shráid féin. 18 'Na dhiaidh sin d'fhoirínimh a mbráithre Bavai mac Enadaid, tiarna ar leath Cheila. 19 Agus 'na dhiaidh sin d'fhoirínimh Aser mac Iósúé, tiarna Mhaspha, tómmas eile, anonn ar aghaidh dhul suas an chúinne láidir. 20 'Na dhiaidh sin i gnucc Bharuich d'fhoirínimh Sachai^s tómmas eile ón gcúinne go dtí doras tí Eliasib an t-árdshagart. 21 'Na dhiaidh sin d'fhoirínimh Merimut mac Uriais mhic Haccuis tómmas eile, ó dhoras tí Eliasibh go dtí direadh tí Eliasibh. 22 Agus 'na dhiaidh sin d'fhoirínimh na sagairt, fir mhachairí an Iórdain. 23 'Na dhiaidh sin d'fhoirínimh Beniamín agus Hasub, ar aghaidh a dtí féin anonn, agus 'na dhiaidh sin d'fhoirínimh Asarias mac Mhaasia mhic Ananias ar aghaidh a thí amach. 24 'Na dhiaidh sin d'fhoirínimh Bennui mac Hanadaid tómmas eile, ó thigh Asariais go dtí an lúb agus go dtí an cúinne. 25 Phalel mac Osi, ar aghaidh an lúib agus an túir amach, a luíonn ó thigh árd an rí, 'sé sin, i gcúirt an phríosúin. 'Na dhiaidh sin Phadaia mac Phárois. 26 Agus do chónaigh na Natinínigh in Ophel chómh fada le har aghaidh gheata an uisce soir, agus leis an dtúr a bhí 'na sheasamh amach.

27 'Na dhiaidh sin d'fhoirínimh na Tecuítigh tómmas eile ar aghaidh, ón dtúr mór a sheasaíonn amach go dtí falla an teampaill. 28 Agus d'fhoirínimh na sagairt ó gheata na gcapall suas, gach duine ar aghaidh a thí amach. 29 'Na ndiaidh sin d'fhoirínimh Sadoc mac Emmer ar aghaidh a thí féin amach. Agus 'na dhiaidh sin d'fhoirínimh Semaia mac Secheniais, cimeádaí an gheata thoir. 30 'Na dhiaidh sin d'fhoirínimh Hanania mac Selemia, agus Hanun, an séu mac a bhí ag Seleph, tómmas eile. 'Na dhiaidh sin d'fhoirínimh Mosollam mac Bharachiais ar aghaidh a stóir anonn. 'Na dhiaidh sin d'fhoirínimh Melchias mac an cheárd óir chómh fada le tigh na Natiníteach agus le tigh an lucht mionrudaí do dhíol, ar aghaidh gheata na breithe agus chómh fada le seómra an chúinne. Agus d'fhoirínimh na céird óir agus na ceannaithe laistigh de sheómra chúinne gheata na dtréad.

Caib. a Ceathair

An foirineamh dá chur ar aghaidh in ainneóin toirmisc namhad.

Leabhar Nehemíais ar a dtugtar an tarna leabhar le hEsdras

1 Agus do thárla nuair ' airigh Sanaballat go rabhamair ag déanamh an fhalla go raibh fearg air. Agus le neart feirge bhí sé ag fonóid fé sna Giúdaigh. 2 Agus duairt sé, os cómhair a bhráthar féin agus os cómhair mórchuid Samaritánach: Cad é seo ag na Giúdaigh gan chiall á dhéanamh? An scaoilfid na geinte leó? An ndéanfaid siad íbirt agus críochnú in aon lá amháin? An féidir dóibh clocha do thógáilt suas as na cruacha dramhaíl atá dóite? 3 Agus Tobias, leis, an tAmmoníteach, a bhí in' aice, duairt sé: Leog dóibh bheith ag foirineamh. Má théann mada rua suas léimfidh sé de dhruim a bhfalla cloiche.

4 Clois-se, a Dhia, óir tarcaisnítear sinn. Cas a dtarcaisne ar a gceann féinig, agus cuir fé tharcaisne iad i dtír braighdinis. 5 Ná clúdaigh a mallaitheacht, agus ná leog a bpeaca do ghlanadh amach a láthair t'aghaidh, mar tá tarcaise tabhartha acu dod lucht foirinimh. 6 Ach do chuireamair suas an falla agus do tháthaíomair é go léir lena chéile, chómh fada lena leath, agus bhí flosc ar chroí na ndaoine chun an hoibre.

7 Agus do thárla nuair ' airigh Sanaballat agus Tobias agus na hArabaigh agus na hAmmonítigh agus na hAsótiánaigh, falla Iérúsalem a bheith déanta suas agus na beárthnacha do bheith dá ndúnadh, go raibh árdfhearg orthu. 8 Agus chruinníodar go léir iad féin i dteannta ' chéile chun teacht agus troid in aghaidh Iérúsalem agus bheith ag déanamh ceilge. 9 Agus bhíomairne ag guí chun ár nDia agus chuireamair lucht faire ar an bhfalla de ló agus d'óiche 'na gcoinnibh. 10 Agus duairt Iúda: Tá neart fir na n-ualach a dh'iompar meata, agus an dramhaíol ró-iomarcach agus ní bheimid ábalta ar an bhfalla do chur suas.

11 Agus duairt an namhaid: Ná bíodh ' fhios acu, agus ná tuigidís, go dtagaimid 'na measc agus go maraimid iad agus go gcuirimid ' fhéachaint ar an obair stad. 12 Agus do thárla go dtáinig na Giúdaigh a bhí 'na gcónaí 'na n-aice, chúinn, agus gur ínseadar dúinn, deich n-uaire, as na háiteannaibh go léir as a dtánadar chúinn; 13 agus do chuireas-sa na daoine in sna háiteannaibh laistiar den fhalla mórhimpall, in órdú, lena gclaimhtibh agus lena ngathannaibh agus lena mboghannaibh. 14 Agus d'fhéachas, agus d'éiríos agus duart leis na príomhfhearraibh agus leis na giúistísibh agus leis an gcuid eile den choitiantacht: Ná bíodh aon eagal agaibh rómpu. Cuimhnigh ar an dTiarna atá mór agus atá scannrúil agus troididh ar son úr mbráithre agus ar son úr mac agus ar son úr n-iníonacha agus ar son úr mban agus ar son úr dtithe.

15 Agus do thárla, nuair ' airigh ár namhaid gur hínseadh an scéal, gur chuir Dia a gcómhairle ar mearaí. Agus chuamair go léir thar n-ais chun na bhfallaí, gach fear chun a oibre féin.

16 Agus do thárla ón lá san amach go mbíodh leath na bhfear óg ag déanamh na hoibre agus an leath eile ollamh chun cómhraic, le gathannaibh agus le scéithibh agus le boghannaibh, agus lúireacha úmpu. Agus bhí na rialtóirí laistiar díobh i dteaghlach uile Iúda. 17 Gach duine díobh san a bhíodh ag foirineamh ar an bhfalla, agus ag iompar ualaí agus dhá gcur, bhíodh sé ag déanamh na hoibre le lámh leis agus claíomh aige sa lámh eile. 18 Óir bhí gach duine de sna foirinitheóiribh criosaithe le claíomh fan chuim air. Agus bhíodar ag foirineamh agus ag séideadh trúmpa le m'ais.

19 Agus duairt leis na huaislibh agus leis an giúistísibh, agus leis an gcuid eile den choitiantacht: tá an obair mhór agus leathan, agus táimid deighilte i bhfad óna chéile ar an bhfalla. 20 Pé treó baíll in aon chor 'na n-aireóidh sibh fuaim an trúmpa rithidh go léir ag triall orainn chun na háite sin: troidfidh ár nDia dhúinn, 21 agus deinimís an obair. Agus bíodh ár leath ag cimeád ár ngathanna ó éirí na maidine go dtaispeánaid na réiltíní iad féin.

22 Agus an uair sin, leis, duart leis na daoine: Fanadh gach duine in éineacht lena sheirbhíseach i Iérúsalem, agus deinimís uanaíocht ar a chéile san oíche agus sa lá, ag déanamh na hoibre.

Leabhar Nehemíais ar a dtugtar an tarna leabhar le hEsdras

23 Agus níor bhaineas-sa ná mo bhráithre ná mo sheirbhísigh ná an lucht faire a bhí dhár leanúint, níor bhaineamair ár gcuid éadaigh dinn. Ach gach fear ag baint de nuair a bhíodh sé le ní.

Caib. a Cúig

Nehemías ag imdheargadh lucht saibhris mar gheall ar bheith ag brú na mbocht. A chómhairle. A fheabhas a bhí sé féin dá dhaoine.

1 Ach bhí éamh mór ó sna daoine agus ó sna mnáibh in aghaidh a mbráithre na Giúdaígh. 2 Agus deireadh cuid acu: Táid ár gclann mhac agus ár gclann iníon ana-líonmhar. Leogtar dúinn arbhar a ghlacadh mar dhíolaíocht astu agus bia ' dh'ithe agus maireachtaint. 3 Agus deireadh cuid acu: Leogtar dúinn ár gcuid tailimh agus ár bhfionghuirt agus ár dtithe do chur i ngeall, agus tógaimís arbhar mar gheall ar an ngorta: 4 agus deireadh daoine eile: Tógaimís airgead ar iasacht do cháin an rí, agus tugaimís uainn ár bpáirceanna agus ár bhfionghuirt: 5 agus anois tá ár gcuid feóla mar fheoil ár mbráithre, agus ár gclann mar a gclann san. Féach, táimid ag tabhairt ár macra agus ár n-iníonra isteach i ndaoirse, agus tá cuid dár n-iníonachaibh i ndaoirse cheana féin agus níl aon ní againn chun iad d'fhuascailt, agus táid ár bpáirceanna agus ár bhfionghuirt i seilbh daoine eile.

6 Agus bhí fearg ana-mhór ormsa nuair ' airíos iad ag éamh ar an gcuma san. 7 Agus dheineas mo mhachnamh im chroí féin. Agus d'imdheargas na huaisle agus na giúistísí, agus duart leo: An mbíonn gach duine agaibh ag éileamh iúncamais ar úr mbráithribh? Agus do chruinníos cómhthionól mór 'na gcoinnibh 8 agus duart leo: Táimidne, mar is eól díbh, tar éis ár mbráithre, na Giúdaígh, a díoladh leis na geintibh, a dh'fhuascailt de réir ár ngustail: agus an amhlaidh a mheasann sibhse bheith ag díol úr mbráithre chun sinne ' bheith dhá bhfuascailt? Agus d'fhanadar ciúin mar ní raibh aon fhreagra acu le tabhairt. 9 Agus duart leo: An rud atá agaibh á dhéanamh ní maith é. Cad 'na thaobh ná siúlann sibh in eagla Dé agus gan sinn a bheith fé tharcaisne ag ár namhaid, na geinte? 10 Táimse agus mo bhráithre agus mo sheirbhísigh tar éis airgid agus arbhair a thabhairt ar iasacht dá lán daoine. Toilímís go léir chun gan é ' dh'éileamh arís: maithimís na fiacha atá amu' againn. 11 Tugaidh dóibh thar n-ais, an lá so, a bpáirceanna agus a bhfionghuirt agus a n-olaghuirt agus a dtithe, ní hea ach an céadú cuid den airgead agus den arbhar agus den fhíon agus den ola ba ghnáth libh a bhaint díobh, tugaidh dóibh é. 12 Agus dúradar: Tabharfaimíd thar n-ais agus ní iarrfaimíd aon ní orthu, agus déanfaimíd mar adeirir. Ansan do ghlaos chúm na sagairt agus chuireas dearbhú orthu go ndéanfaidís mar aduart. 13 'Ná theannta san do chroitheas m'ucht agus duart: Dia go gcroitidh ar an gcuma san aon fhear ná déanfaidh beart de réir an fhocail sin. Go gcroitear ar an gcuma so é amach as a thigh, agus amach as a chuid saothair, agus folamh go bhfágtar é! Agus duairt an cómhthionól go léir: Amen. Agus bhíodar ag moladh Dé. Agus do dhein na daoine de réir mar adúradh. 14 Agus ón lá 'nar órdaigh an rí dhómsa bheith im rialtóir ar thír Iúda, ón bhfichiú bliain go dtí an tarna bliain ar chaogaid' d'Artacserceses 'na rí, ar feadh dhá bhliain déag, níor itheas féin ná mo bhráithre an tionnsra a bhí ag dul do sna rialtóiribh. 15 Ach na rialtóirí a bhí rómham bhíodar dian ar na daoine, agus bhainidís díobh arán, agus fíon, agus daichead *sicil* airgid gach aon lá: agus bhíodh a n-oificeacha, leis, dian ar na daoine. Ach níor dheineas-sa san mar bhí eagla roime Dhia orm. 16 'Na theannta san dheineas foirineamh in obair an fhalla, agus níor cheannaíos aon talamh, agus bhíodh mo sheirbhísigh go léir cruinnithe i dteannta ' chéile san obair. 17 Agus dá éaghmais sin bhíodh na Giúdaígh agus na giúistísí, suas le céad agus deichniúr agus daichead fear, ageam bórd, in éaghmais a dtagadh chúinn as na geintibh a bhí 'nár dtímpall. 18 Agus d'ollmhaítí dhom, in aghaidh an lae, damh agus sé cinn de reithibh tofa, in éaghmais éanlaithe. Agus uair ins gach deich lá do thugainn uaim fíonta iolartha, agus mórán rudaí eile: agus fós ní éilínn mo thionnsra bliantúil rialtóra: mar bhí na daoine curtha go hana-mhór chun dealúis. 19 *

Caib. a Sé

A namhaid a d'iarraidh scannradh ' chur ar Nehemías. Comáineann sé leis agus críochnaíonn sé an falla.

1 Agus do thárla nuair ' airigh Sanaballat, agus Tobias, agus Gossem an tArabach, agus an chuid eile dár namhaid, go raibh an falla curtha suas agam agus ná raibh aon bheárna fágtha ann (bíodh ná raibh na cómhlananna curtha in sna geataibh agam an uair sin) 2 do chuir Sanaballat agus Gossem scéala chúm agus dúradar: Tar agus deinimís connradh lena chéile in sna bailtibh beaga i machaire Ono. Ach is amhlaidh a bhíodar ar mo thí. 3 Agus chuireas teachtairí chúthu agus duart: Tá obair mhór agam á dhéanamh agus ní féidir dom dul síos, le heagla go dtabharfí faillí san obair an fhaid a bheinn ag dul síos ag triall oraibh. 4 Agus chuireadar teachtaireacht chúm cheithre huaire de reir an fhocail sin, agus thugas orthu an freagra céanna. 5 Agus chuir Sanaballat a sheirbhíseach ag triall orm an cúigiú huair de réir an fhocail chéanna úd, agus bhí leitir aige 'na lámh agus í scríofa mar seo:

6 Tá sé leata i measc na ngeinte, agus duairt Gossem é, go bhfuilirse agus na Giúdaigh ceapaithe ar éirí amach, agus gur dá dheascaibh sin atá an falla agat á chur suas, agus go bhfuilir ceapaithe ar rí a dhéanamh díot féin: agus gur chuige sin 7 atáid na fáidhí curtha suas agus chun go mbeidís ag fáidheadóireacht id thaobh i Iérúsalem, dhá rá: Tá rí i Iúdea. Aireóidh an rí na nithe sin. Dá bhrí sin tar anois agus glacaimís cómhairle a chéile. 8 Ansan chuireas teachtaireacht chúthu dhá rá: Níl aon ní dá dhéanamh dá ndeirir, ach is amhlaidh ataoi ag ceapadh na rudaí sin amach as do chroí féin.

9 Óir do cheap na fir sin go léir scannradh ' chur ormsa le hionchas go stadfadh ár lámha den obair agus go n-éireóimís as. Dá dheascaibh sin is amhlaidh a neartaíos-sa mo lámha níos mó: 10 agus chuas isteach i dtigh Samaia mhic Delaia mhic Mhatabeel, i ganfhios. Agus duairt seisean: Deinimís cómhairle lena chéile, i dtigh Dé, i lár an teampaill agus dúnaimís dóirse an teampaill, óir tiocfaid siad chun tu ' mharú, agus san oíche is ea ' thiocfaid siad chun do mharaithe. 11 Agus duarta: Ar cheart do dhuine mar mise teitheadh? Agus cé hé an fear a bheadh mar mise agus do raghadh isteach sa teampall chun a anama do shábháil. Ní raghadsa isteach ann. 12 Agus do thuigeas nárbh é Dia do chuir uaidh é, ach gur labhair sé liom fé mar a bheadh sé ag fáidheadóireacht, agus go raibh Tobias agus Sanaballat tar éis breibe ' thabhairt do. 13 Óir bhí sé tar éis airgid a thógaint, i dtreó go dtiocfadh eagla ormsa agus go ndéanfainn an rud san, agus go ndéanfainn peaca agus go mbeadh rud éigin acu le casadh liom.

14 Cuímhnigh ormsa, a Thiarna, i dtaobh Tobiais agus i dtaobh Sanaballait, de réir a ngníomhartha, den tsórd san, agus i dtaobh Noadiais an fáidh agus an chuid eile de sna fáidhibh a cheap eagla do chur orm.

15 Ach do críochnaíodh an falla an cúigiú lá fichid de mhí Eluil i gcúig dheich a dó de laethantaibh. 16 Agus do thárla nuair ' airigh ár namhaid go léir é, go dtáinig eagla ar na geintibh go léir mórthímpall orainn agus go dtáinig lagspridí orthu laistigh iontu, mar do thugadar fé ndeara gur obair ó Dhia gurbh ea an obair. 17 Dá éaghmais sin, in sna laethibh sin do cuireadh a lán leitreacha ó sna príomhfhearaibh' ag triall ar Thobias agus tháinig leitreacha ó Thobias chúthu san. 18 Óir bhí a lán daoine i Iúdea dlúite leis fé dhearbhu, óir bhí sé 'na chleamhain ag Area' agus bhí a mhac Iohanan tar éis iníne Mhosollaim mhic Mharachiais do phósadh. 19 Agus bhídís dhá mholadh, leis, os mo chómhairse, agus d'insidís mo chainnt do, agus bhíodh Tobias ag cur leitreacha chúm chun eagla ' chur orm.

Caib. a Seacht

Leabhar Nehemíais ar a dtugtar an tarna leabhar le hEsdras

Lucht faire dá gceapadh ag Nehemías i Iérúsalem. Ainmneacha na ndaoine do tháinig ar dtúis ó Bhabulon.

1 Nuair a bhí an falla curtha suas, agus nuair a bhíos tar éis na gcómhlann do chur 'na seasamh, agus tar éis na ndóirseóirí agus na gcantairí agus na Levíteach do chómhaireamh, 2 thugas órdú dom dhriotháir Hananí, agus do Hananias rialtóir tí Iérúsalem (óir bhí a dheallramh air gur dhuine dhílis é agus eagla Dé air thar chách) 3 agus duart leo: Ná hoscaltar geataí Iérúsalem go dtí go mbeidh teas sa ghréin. Agus an fhaid a bhíodar 'na seasamh san áit do dúnadh agus do daingníodh na geataí, agus do cheapas lucht faire, cuid de mhuíntir Iérúsalem, gach duine de réir a gcuard, agus gach fear ar aghaidh a thí féin amach. 4 Ach bhí an chathair ana-mhór ana-leathan, agus gan ach beagán daoine istigh 'na lár, agus na tithe gan foirineamh fós. 5 Ach do chuir Dia im chroí é agus chruinníos na príomhfhir agus na giústísí agus an choitiantacht, chun go ndéanfí iad d'áireamh. Agus fuaras leabhar uimhre na ndaoine do tháinig aníos ar dtúis, agus do fuaradh so scríofa ann: 6 sid iad clann an cheanntair, na daoine a tháinig aníos ó bhraighdineas na muíntire do rugadh chun siúil, na muíntire do rug Nabuchodonosor rí Bhabuloin chun siúil leis, agus do tháinig thar n-ais, gach duine chun a chathrach féin. 7 An mhuíntir a tháinig le Sorobabel, Iósué, Nehemías, Asarias, Raamias, Nahamani, Mardochai, Belsam, Mespharat, Begoia, Nahum, Baana. Uimhir na bhfear a bhí ar phobal Israél:—

8 Clann Phárois, dhá mhíle dhá chéad* seacht ndeich a dó. 9 Clann Sephatia, trí chéad seacht ndeich a dó. 10 Clann Area, sé chéad chúig dheich a dó. 11 Clann Phahait Mhoib de chlaínn Iósué agus Ioib, dhá mhíle ocht gcéad a hochtdéag. 12 De chlaínn Elaim, míle dhá chéad chúig dheich a ceathair. 13 De chlaínn Setua, ocht gcéad cheithre dheich a cúig. 14 De chlaínn Sachai, seacht gcéad agus sé dheich. 15 De chlaínn Bhannui, sé chéad cheithre dheich a hocht. 16 De chlaínn Bhabai, sé chéad dhá dheich a hocht. 17 De chlaínn Asgaid, dhá mhíle trí chéad dhá dheich a dó. 18 De chlaínn Adoncaim, sé chéad sé dheich a seacht. 19 De chlaínn Bheguai, dhá mhíle sé dheich a seacht. 20 De chlaínn Adin, sé chéad chúig dheich a cúig. 21 De chlaínn Ater, clann Esechiais naoi ndeich a hocht. 22 De chlaínn Hasem, trí chéad dhá dheich a hocht. 23 De chlaínn Bhesai, trí chéad dhá dheich a ceathair. 24 De chlaínn Haseph, céad agus dháréag. 25 De chlaínn Ghabaoín, naoi ndeich a cúig. 26 De chlaínn Bhetlehem agus Netupha, céad ocht ndeich a hocht. 27 De chlaínn Anatoit, céad dhá dheich a hocht. 28 D'fhearaibh Bhetasmoit cheithre dheich a dó. 29 D'fhearaibh Chariatárim, Chephira agus Bheroit, seacht gcéad cheithre dheich a trí. 30 D'fhearaibh Rama agus Gheba, sé chéad dhá dheich a haon. 31 D'fhearaibh Mhachmais, céad dhá dheich a dó. 32 D'fhearaibh Bhetel agus Hai, céad dhá dheich a trí. 33 D'fhearaibh an Nebo eile, chúig dheich a dó. 34 Fir an Elaim eile, míle dhá chéad chúig dheich a ceathair. 35 Clann Hárem, trí chéad agus fiche. 36 Clann Iéricho, trí chéad cheithre dheich a cúig. 37 Clann Loid agus Hadid agus Ono, seacht gcéad dhá dheich a haon. 38 Clann Senaa, trí mhíle naoi gcéad trí dheich.

39 Na sagairt: clann Idaia i dtigh Iósué naoi gcéad seacht ndeich a trí. 40 Clann Emmer, míle chúig dheich a dó. 41 Clann Phashuir, míle dhá chéad cheithre dheich a seacht. 42 Clann Arem, míle agus a seachtdeag.

Na Levítigh: 43 clann Iósué agus Chedmihel, clann mhac 44 Oduia, seacht ndeich a ceathair.

Na cantairí: 45 clann Asaiph, céad cheithre dheich a hocht.

46 Na dóirseóirí: clann Selluim, clann Ater, clann Telmoin, clann Accuib, clann Hatita, clann Sobai, céad trí dheich a hocht.

Leabhar Nehemíais ar a dtugtar an tarna leabhar le hEsdras

47 Na Natinítigh: clann Soha, clann Hasupha, clann Tebbaoit, 48 clann Cherois, clann Siaan, clann Phadoin, clann Lebana, clann Hagaba, clann Selmai, 49 clann Hanain, clann Ghedel, clann Ghaher, 50 clann Raaia, clann Rasin, clann Necoda, 51 clann Ghesem, clann Asa, clann Phasea, 52 clann Bhesai, clann Mhunim, clann Nephussim, 53 clann Bhacbuic, clann Hacupha, clann Harhuir, 54 clann Bhesloit, clann Mhahida, clann Harsa, 55 clann Bhercois, clann Sisara, clann Tema, 56 clann Nasia, clann Hatipha, 57 clann seirbhíseach Sholomoin, clann Sotai, clann Sopheret, clann Pharida, 58 clann Iahala, clann Darcoin, clann Ieddel, 59 clann Saphatia, clann Hatil, clann Phocheret, do rugadh ó Shabaim, mac Amoin. 60 Na Natinítigh go léir agus clann seirbhíseach Sholomoin, trí chéad naoi ndeich a dó.

61 Agus sid iad na daoine a tháinig aníos ó Themela, agus ó Thelharsa, agus ó Cherub, agus ó Adon, agus ó Emmer, agus nár fhéad teaghlach a n-athair do thaispeáint, ná a síol, nú ar d'Israél iad; 62 clann Dalaia, clann Tobia, clann Necoda, sé chéad cheithre dheich a dó.

63 Agus de sna sagairt, clann Habia, clann Accois, clann Bhersellai. Do thóg sé sin bean d'inionachaibh Bhersellai an Galaadíteach, agus do tugadh a n-ainm air. 64 Do chuardaíodar san a scríbhinn sa chúntas agus ní bhfuadar é, agus do caitheadh amach iad as an sagartacht. 65 Agus duairt Atersata leó ná leógfí dhóibh ithe de sna *sancta sanctorum* go dtí go seasódh suas sagart léannta oilte.

66 Cheithre dheich a dó de mhíltibh trí chéad agus sé dheich ab ea an tslua go léir, mar ' bheadh aon fhear amháin, 67 in éaghmais a bhfearóglach¹ agus a mbanóglach, agus trí dheich a seacht de mhíltibh trí chéad trí dheich a seacht ab ea a n-uimhir sin. Agus bhí ar a measc san trí chéad cheithre dheich a cúig de chantairíbh fir agus mná². 68 Seacht gcéad trí dheich a sé ab ea uimhir a gcapall, agus dhá chéad cheithre dheich a cúig uimhir a miúl, 69 agus cheithre chéad trí dheich a cúig uimhir a gcamall, agus sé mhíle seacht gcéad agus fiche uimhir a n-asal. (Tá ínste ansan, go tí san, an ní a bhí scríofa sa chúntas úd. As so síos ínste scéal Nehemíais.)

70 Agus do thug cuid de cheannaibh na dteaghlach ní uathu chun na hoibre. Thug Atersata² uaidh isteach sa chiste míle *dram* óir, caogad scála, agus d'éidíbh sagart chúig céad agus tríochad. 71 Agus thug cuid de cheannaibh na dteaghlach uathu do chiste na hoibre fiche míle *dram* óir agus dhá mhíle agus dhá chéad de phúntaibh méachaint airgid. 72 Agus an méid a thug an chuid eile den phobal uathu bhí fiche míle *dram* óir ann agus dhá mhíle púnt méachaint airgid, agus d'éidíbh sagart sé dheich a seacht. 73 Agus bhí na sagairt agus na Levítigh, agus na dóirseóirí, agus na cantairí, agus an chuid eile den choitiantacht, agus na Natinítigh, agus Israél uile, 'na gcónaí 'na gcathrachaibh féinig.

Caib. a hOcht

Esdras ag lé' na dlí os cómhair na ndaoine. Nehemías ag cur sólais orthu. Féile na dtaibearnacal acu á cheiliúradh.

1 Agus tháinig an seachtú mí agus bhí clann Israél 'na gcathrachaibh. Agus do cruinníodh na daoine go léir, mar aon fhear amháin, chun na sráide atá ar aghaidh gheata an uisce amach, agus dúradar le hEsdras an scríbhneóir leabhar dlí Mhaoise do thabhairt leis, an dlí a dh'órdaigh an Tiarna d'Israél. 2 Agus thug Esdras an leabhar i láthair an phobail, fear agus ban, agus gach a bhféadfadh é ' thuiscint, sa chéad lá den seachtú mí, 3 agus bhí cluasa na ndaoine go léir ag tabhairt aire don leabhar³. 4 Agus do sheasaimh Esdras, an scríbhneóir, ar chéim adhmaid a bhí

1 óglách twice in the manuscript.

2 Caib. 7. véar. 70. "Atersata", .i. Nehemías féin, mar a chítear ó chaib. 12. Toisc gur tugadh an ainm sin air i gcúirt rí na bPersach mar a raibh sé 'na dháileamh; nú, gurb ionann an ainm agus "rialtóir", mar bhí sé 'na rialtóir ar Iúdea.

Leabhar Nehemíais ar a dtugtar an tarna leabhar le hEsdras

déanta aige chun labhartha uaidh. Agus bhí 'na seasamh in' aice, ar a lámh dheis, Matatias, agus Semeia, agus Ania, agus Uria, agus Helcia, agus Masia. Agus ar a lámh chlé, Phadaia, agus Misael, agus Melchia, agus Hasum, agus Hasbadana, agus Sacharia, agus Mosollam. 5 Agus d'oscail Esdras an leabhar os cómhair na ndaoine go léir, mar bhí sé níba aoirde ná na daoine go léir. Agus nuair a dh'oscail sé an leabhar do sheasaimh na daoine go léir. 6 Agus do mhol Esdras an Tiarna, an Dia mór, agus d'fhreagair na daoine go léir: Amen, amen: agus thógadar suas a lámha: agus do chromadar síos agus d'adhradar Dia, agus a n-aghaidh chun an tailimh. 7 Ach bhí Iósúé, agus Bani, agus Serebia, Iamin, Accub, Septai, Odia, Maasia, Celtia, Asarias, Iosabed, Hanan, Phalaia, na Levítigh ag cimeád ciúnais i measc na ndaoine chun go n-éistfidís leis an ndlí: agus bhí na daoine 'na seasamh 'na n-áit féin. 8 Agus do léadar a leabhar dlí Dé go glan, agus go soiléir le tuiscint: agus do thuigeadar é nuair a léadh é. 9 Agus duairt Nehemías (is é sin Atersata) agus Esdras an sagart agus an scríbhneóir, agus na Levítigh a bhí ag eidirmhíniú do sna daoine: Lá naofa chun ár dTiarna Dia is ea an lá so: ná bídh ag cáí ná ag gol, mar bhí na daoine go léir ag gol agus iad ag éisteacht le foclaibh na dlí. 10 Agus duairt sé leo: Imídh agus ithidh bia méith agus ólaidh fion milis, agus cuiridh cuideanna ag triall ar na daoine nár ollmhaigh aon ní dhóibh féin: óir is é lá naofa an Tiarna é, agus ná bídh dobrónach, óir is é áthas an Tiarna ár neart. 11 Agus bhí na Levítigh ag cur ciúnas ar an bpobal go léir, agus deiridís: Éistidh, mar is lá naofa é, agus na bídh dobrónach. 12 Ansan d'imigh na daoine go léir chun bheith ag ithe agus ag ól agus ag cur rointeanna uathu, agus ag déanamh soilbhris mhóir, toisc gur thuigeadar na focail a bhí múinte aige dhóibh.

13 Agus do cruinníodh i dteannta ' chéile an tarna lá, chun Esdras an scríbhneóir, cinn muíntear na ndaoine go léir agus na sagairt agus na Levítigh, chun go míneódh Esdras dóibh focail na dlí. 14 Agus do fuaradar scríofa sa dlí a dh'órdaigh an Tiarna trí lámh Mhaoise, go gcaithfeadh clann Israél cónaí ' dhéanamh i dtaibearnacalaibh lá na féile, sa seachtú mí: 15 agus go gcaithfidís an focal d'fhógairt agus do chraobhscaoileadh 'na gcathrachaibh go léir agus i Ierúsalem, dhá rá so: Imídh amach chun an chnuic agus tugaidh libh géaga olachrann, agus géaga adhmaid álainn, agus géaga miortail, agus géaga failme, agus géaga de chrannaibh tiúbha, chun taibearnacal a dhéanamh, mar atá scríofa. 16 Agus chuaigh na daoine amach agus thugadar leo. Agus dheineadar taibearnacail dóibh féin, gach fear ar bhárr a thí, agus 'na gcúirtibh agus i gcúirtibh tí Dé, agus i sráid gheata an uisce, agus sráid geata Ephraim. 17 Agus do dhein pobal uile na ndaoine a bhí tagaithe thar n-ais ón mbraighdineas taibearnacail, agus chónaíodar i dtaibearnacalaibh: óir ó laethibh Iósúé mhic Nuin níor dhein clann Israél an ní sin go dtí an lá san: agus bhí gáirdeachas ana-mhór ar fad. 18 Agus do léigh sé a leabhar dlí Dé ó lá go lá, ón gcéad lá go dtí an lá deirineach, agus chimeádar an tsolamnacht ar feadh seacht lá, agus cómhthionól solmanta an t-ochtú lá de réir an nóis.

Caib. a Naoi

Na daoine ag déanamh aithrí le troscadh agus le héadach ruainnigh. Na Levítigh ag admháil tabharthaistí Dé agus míbhaochais na ndaoine. Iad ag guí ar na daoine, agus connradh acu á dhéanamh le Dia.

1 Agus an ceathrú lá fichid den mhí tháinig clann Israél i bhfochair a chéile ag déanamh troscaidh, agus in éadach ruainnigh, agus cré orthu. 2 Agus do dheighil síol clainne Israél iad féin ó gach duine iasachta. Agus sheasaíodar agus d'admhaíodar a bpeacaí, agus mallaitheachtaí a n-athrach. 3 Agus d'éiríodar chun seasaimh, agus do léadar a leabhar dlí a dTiarna Dia cheithre huaire sa ló, agus cheithre huaire dheineadar admháil, agus d'adhradar a dTiarna Dia.

4 Ansan do sheasaimh ar chéim na Levíteach, Iósúé, agus Bani, agus Cedmihe| agus Sabania, agus Bonni, agus Sarebias, agus Bani, agus Chanani, agus do ghlaodar de ghuth árd ar a dTiarna Dia.

Leabhar Nehemíais ar a dtugtar an tarna leabhar le hEsdras

5 Agus duairt na Levítigh Iósúé agus Cedmihel agus Bonni agus Hasebia agus Serebia agus Oduia agus Sebnia agus Phatahia: Éirídh. Molaidh úr dTiarna Dia ó shíoraíocht go síoraíocht, agus molta go raibh ainm árd do ghlóire le gach moladh agus le gach adhmholadh. 6 Tusa féin, a Thiarna, i t'aonar, tusa do dhein neamh agus neamh na neamh, agus a mórshlua uile: an talamh agus gach a bhfuil air, na farraigí agus gach a bhfuil iontu: agus thugais anam do sna nithibh sin go léir, agus tá slua na bhflaitheas 'ot adhradh. 7 Is tusa, a Thiarna, a dhein Abram do thoghadh agus do thug amach é a tine¹ na gCaldéach, agus do thug do an ainm Abraham. 8 Agus do fuarais a chroí dílis os do chómhair, agus do dheinis connradh leis, go dtabharfá dho talamh an Chanaanítigh, agus an Hetítigh, agus an Amorrhítigh, agus an Pheresítigh, agus an Iebusítigh agus an Ghergesítigh, chun é ' thabhairt dá shíol: agus do chómhlíonais do bhréithre de bhri go bhfuilir ceart. 9 Agus chonaicís an cruatan 'na raibh ár n-aithreacha san Éigipt, agus d'airís a nglao le hais na Mara Rua. 10 Agus thaispeánais cómhartaí agus iúnaí ar Pharao, agus ar a sheirbhísigh go léir, agus ar dhaoineibh a tíre, óir bhí ' fhios agat iad a bheith ag déanamh go huaibhreach 'na gcoinnibh: agus dheinis ainm duit féin mar atá an lá so. 11 Agus do dheighlis an fharraige rómpu, agus chuadar treasna ar thalamh tirim trí lár na farraige. Ach do theilgis isteach in sna doimhneasuibh, ar nós cloiche in sna huisceachaibh láidre an mhúintir a bhí ar a dtóir. 12 Agus in uaithne scamail bhís id ghiolla acu sa lá, agus in uaithne tine san oíche, ionas go bhfeicfidís an tslí 'na rabhadar ag gabháil. 13 Agus do thúirligís ar chnuc Sinaí, agus do labhrais leó a neamh, agus thugais dóibh breitheanna cearta, agus dlí na fírinne, *ceremóinte*, agus reachta maithe. 14 Chuiris ar eólas dóibh do shabóid naofa, agus thugais dóibh aitheanta agus *ceremóinte*, agus an dlí, trí lámh Mhaoise, do sheirbhiseach.

15 Agus thugais dóibh arán ó neamh in am a n-ocrais, agus thugais uisce amach as an gcarraig chúthu in am a dtarta. Agus dúraís leó go gcaithfidís dul isteach agus seilbh a ghlacadh sa talamh ar ar thógais suas do lámh chun é ' thabhairt dóibh. 16 Ach dheineadar féin agus ár n-aithreacha beart uaibhreach agus do chruadar a muineálacha agus níor éisteadar le t'aitheantaibh, 17 agus ní chloisfidís, agus ní raibh cuímhne acu ar na hiúnaibh a dheinis dóibh. Agus do chruadar a muineálacha agus thugadar ceann² chun dul thar n-ais chun a mbraighdinis, le corp aighnis mar a bheadh. Ach tusa, ós tu atá ceannsa, trócaireach, foighneach, tugtha do mhaithiúnachas, níor thréigis iad. 18 'Sea agus nuair a dheineadar gamhain leachta dhóibh féin agus dúradar: Is é seo do Dhia a thug amach tu as an Éigipt, agus dheineadar mórán eile diamhasla: 19 trí iomad do thrócairise níor fhágais iad san uaigneas. Níor imigh an uaithne scamail uathu sa ló, a bhí dhá stiúrú sa tslí, ná an uaithne tine san oíche, a bhí ag taispeáint na slí dhóibh 'nar cheart dóibh gabháil.

20 Agus thugais dóibh do Sprid mhaith chun bheith dhá dteagasc. Agus níor chimeádais do *mhanna* óna mbéal, agus thugais dóibh uisce dá dtart. 21 Do chothaís iad san uaigneas ar feadh daichead blian agus ní raibh aon ní in easnamh orthu. Níor chuaigh a gcuid éadaigh i seanndacht agus níor chuaigh a gcosa fé chaitheamh. 22 Agus thugais dóibh ríochta agus náisiúin. Do roinnis crannchuir orthu, agus do shealbhaíodar talamh Sehoín, agus talamh rí Heseboín, agus talamh Óig rí Bhasain. 23 Agus d'iomadaís a gclann mar réilte neimhe, agus thugais iad chun na tíre ar a ndúraís lena n-aithreachaibh go raghaidís isteach agus go sealbhóidís í. 24 Agus tháinig an chlann agus shealbhaíodar an tír, agus ansan d'úmhlais rómpu lucht áitribh na tíre*, agus thugais isteach 'na lámhaibh dóibh iad mar aon lena ríthibh agus le daoine na talún chun a dtoile a dh'imirt orthu. 25 Agus do thógadar cathracha láidre agus talamh saibhir, agus tithe a bhí lán d'ollmhaitheas: umaracha a dhein daoine eile, fionghuirt agus ollaghuirt agus craínn thorthúla go

1 Caib. 9. véar. 7. "Tine". Cathair Ur, i gCaldéa. Ciallaíonn "Ur", tine. Nú, as tine chruatain agus bhuairimh a bhí 'na thimpall san áit. Glacaid na seana-Rabbiní an chainnt de réir na leitre agus deirid siad gur chaith lucht na n-íodal d'adhradh Abram isteach i dtine éigin chun é ' loscadh 'na bheathaidh agus go dtáinig sé amach gan loscadh, le míorúilt ó Dhia.

2 Véar. 17. "An ceann", .i. do cheapadar dul, ceann ar aghaidh, thar n-ais san Éigipt.

Leabhar Nehemíais ar a dtugtar an tarna leabhar le hEsdras

flúirseach, agus bhíodar ag ithe agus do líonadh iad, agus do ramhraíodh iad, agus bhíodar lán d'aiteas mar gheall ar do mhórmhaitheas-sa. 26 Ach do ghríosadar thu chun feirge, agus d'imíodar uait, agus theilgeadar do dhlí laistiar dá ndrom, agus do mharaíodar t'fháidhí a bhí dhá gcómhairliú go dian casadh thar n-ais chút, agus do dheinidís diamhaslaithe léanmhara. 27 Agus thugais isteach i lámhaibh a namhad iad agus do chrádar iad. Agus in am a gcruatain bhíodar ag éamh ort, agus d'éistis leó ó neamh, agus de réir iomadúlachta do thrócairí ceannsa do thugais slánaitheoirí dhóibh chun iad d'fhuascailt a lámhaibh a namhad. 28 Ach nuair a gheibhidís suaimhneas d'iompaídís arís agus dheinidís an t-olc id radharc, agus ansan d'fhágais i lámhaibh a namhad iad agus bhí fórlámhas acu os a gcionn. Ansan d'iompaíodar agus bhíodar ag éamh ort: agus d'éistis leó ó neamh, agus id thrócairibh d'fhuasclais iad mórán uaireanta. 29 Agus d'iarrais orthu teacht thar n-ais chun do dhlí. Ach do dheineadar go huaihbreach agus níor thugadar cluas do t'órdú, ach an peaca ' dhéanamh in aghaidh do bhreitheanna, ní, má dheineann duine é, go gcaithfidh sé maireachtaint iontu. Agus thugadar an ghuala sheachantach, agus do chruadar a muineál agus ní thabharfaidís cluas. 30 Agus dheinis an fhoighne leó ar feadh mórán blianta, agus dheinis fianaise 'na gcoinnibh trí láimh t'fháidhí, agus níor thugadar cluas, agus thugais suas iad i lámh muintire na dtíortha. 31 Ach i líonmhaire do thrócairí níor ídís ar fad iad, ná níor thréigis iad, óir is Dia trócaireach ceannsa thu.

32 Anois dá bhrí [sin]*, a Dhia mhóir láidir uathásaigh is linn, a Dhia a chimeádann connradh agus trócaire, ná hiompaigh ó t'aghaidh a bhfuil tagaithe orainne de dhua, ar ár ríthibh, ar ár bpríúnsaibh, ar ár sagartaibh, ar ár bhfáidhibh, ar ár n-aithreachaibh, agus ar na ndaoineibh go léir ó laethibh an rí Assur go dtí an lá so. 33 Agus taoise ceart ins gach ní dá bhfuil tagaithe orainn: óir is firinne do dheinis agus is mallaitheacht a dheineamairne. 34 Níor chimeád ár ríthe do dhlí, ná ár bpríúnsaí ná ár sagairt ná ár n-aithreacha, ná níor thugadar aire do t'aitheantaibh ná do t'fhianaisibh, na fianaisí do thugais 'na measc. 35 Ná níor dheineadar seirbhís duit 'na ríochtaibh ná in sna maitheasaibh iolartha do thugais dóibh, ná sa talamh mór saibhir a dh'fhuasclais rómpu, ná níor iompaíodar thar n-ais óna mbeartaibh rómhallaithe. 36 Féach, is daoir sinne féin an lá so: agus an talamh a thugais-se dár n-aithreachaibh, chun an aráin a thagann as a dh'ithe, agus na nithe fóna a thagann as, agus táimid féin 'nár ndaoiraibh ann. 37 Agus táid a thorthaí ag fás do sna ríthibh atá curtha agat os ár gcionn mar gheall ar ár bpeacaibh, agus tá fórlámhas acu ar ár gcorpaibh, agus ár ár mbeithigh, de réir a dtoile, agus táimid i gcruatan ana-mhór. 38 Agus dá dheascaibh sin go léir tá connradh againn á dhéanamh agus táimid dhá scrí' síos, agus táid ár bpríúnsaí agus ár Levítigh agus ár sagairt dhá síniú.

Caib. a Deich

Ainmneacha sínitheoirí na connartha, agus an chonradh féin.

1 Agus b'iad so na sínitheoirí:

Nehemías, Atersata, mac Hachelai, agus Sedecias, 2 Saraias, Asarias, Ieremias, 3 Peshur, Amarias, Melchias, 4 Hattus, Sebenia, Melluch, 5 Harem, Merimut, Odias, 6 Daniel, Genton, Baruch, 7 Mosollam, Abia, Miamin, 8 Maasia, Belgia, Semeia: sagairt iad san.

9 Agus na Levítigh: Iósué mac Asaniais, Bennui de mhacaibh Henadaid, Cedmihel, 10 agus a mbráithre, Sebenia, Oduia, Celita, Phalaia, Hanan, 11 Micha, Rohob, Hasebia, 12 Sachur, Serebia, Sabania, 13 Odaia, Banai, Baninu.

14 Cínn na ndaoine: Pháros, Phahat, Moab, Elam, Setu, Bani, 15 Bonni, Asgad, Bebai, 16 Adonai, Begoai, Adin, 17 Ater, Hesecia, Asur, 18 Odaia, Hasum, Besai, 19 Hareph, Anatot, Nebai, 20 Megphias, Mosollam, Hasir, 21 Mesisabel, Sadoc, Ieddua, 22 Pheltia, Hanan, Anaia, 23 Osee,

Leabhar Nehemíais ar a dtugtar an tarna leabhar le hEsdras

Hanania, Hasub, 24 Alohes, Phalia, Sobec, 25 Rehum, Hasebna, Maasia, 26 Echaia, Hanan, Anan, 27 Melluch, Haran, Baana.

28 Agus an chuid eile de sna daoine, sagairt, Levítigh, dóirseóirí, cantairí, Natinítigh, agus gach a raibh tar éis iad féin a dheighilt ó mhuintir na dtíortha chun dlí Dé, a mná, a gclann mhac agus a gclann iníon, 29 gach ar fhéad a thuiscint ag geallúint thar cheann a mbráthar, mar aon lena bpríomhfhearaihb, agus thánadar chun a gheallúint agus chun a dhearbhu go siúlóidís i ndlí Dé, an dlí a thug sé i láimh Mhaoise, seirbhíseach Dé, go ndéanfaidís agus go gcimeádfaidís aitheanta uile ár dTiarna Dia, agus a bhreitheanna agus a *cheremóinte*, 30 agus ná tabharfaimís ár n-iníonacha do mhuintir na tíre, agus ná glacfaimís a n-iníonacha san dár macaibh. 31 Agus dá dtugadh muintir na tíre aon nithe isteach, nithe le díol, nú nithe le húsáid, chun iad a dhíol lá na sabóide, ná ceannóimís uathu iad lá na sabóide ná aon lá beannaithe. Agus go bhfágfaimís an seachtú bliain, agus éileamh na huile lámha. 32 Agus dheineamair reachta dhúinn féin, trian *sicle* do thabhairt gach aon bhliain chun oibre tí ár nDia, 33 chun na mbollóg bhfianais', agus chun na gnáthíbirte, agus chun gnáth-*holocaust* ar na sabóidibh agus sa ré nua, agus in sna féilibh ceapaithe agus chun ofrála thar cheann peacaí, mar shásamh thar cheann Israél, agus chun gach úsaíde a bhain le tigh ár nDia.

34 Agus dheineamair crannchur i measc na sagart agus na Levíteach agus na ndaoine i dtaobh ofrála an adhmaid, i dtreo go dtabharfí isteach é i dtigh ár nDia ó thithibh ár n-athrach ar uairibh ceapaithe ó bhliain go bliain, chun é ' dhó ar altóir ár dTiarna Dia, mar atá scríofa i ndlí Mhaoise. 35 Agus go dtabharfaimís isteach céadtorthaí ár dtalún, agus céadtortha de thortha gach crainn, ó bhliain go bliain, isteach i dtigh ár dTiarna. 36 Agus céadghein ár mac, agus ár n-eallaigh, mar atá scríofa sa dlí, agus céadghein ár ndamh, agus ár gcaorach, chun iad d'ofráil i dtigh ár nDia, do sna sagartaibh a bhíonn ag ministreacht i dtigh ár nDia 37 agus go dtabharfaimís isteach céadtorthaí ár mbiatha agus ár ndeoch, agus toradh gach crainn, agus fómhair an fhíona, leis, agus na hola, chun na sagart, chun stórais ár nDia, agus deachúna ár dtalún chun na Levíteach. Agus gheóbhaid na Levítigh, leis, deachúna ár n-oibreacha ó sna cathrachaibh go léir. 38 Agus beidh an sagart, mac Aaroin, leis na Levíteachaibh i ndeachúnaibh na Levíteach. Agus ofralfaidh na Levítigh deachú a ndeachún i dtigh ár nDia, don tseómra stóir isteach i dtigh an chiste. 39 Óir caithfid clann Israél agus clann Léví céadtorthaí arbhair, agus fíona agus ola do bhreith chun an stórais. Agus beid na hárthaí beannaithe san áit sin, agus na sagairt agus na cantairí agus na dóirseóirí agus an lucht friothála, agus ní thréigfimid tigh ár nDia.

Caib. a hAondéag

Ínstear cérbh iad lucht áitribh Iérúsalem, agus lucht áitribh na gcathrach eile.

1 Agus do chónaigh príunsaí na ndaoine i Iérúsalem: ach do chuir an chuid eile de sna daoine ar chrannaibh an deichiú cuid díobh a bheith i Iérúsalem an chathair naofa, agus na naoi gcoda eile in sna cathrachaibh eile. 2 Agus chuir na daoine a mbeannacht ar na fearaibh go léir a thug iad féin go toiltheanach chun cónaithe i Iérúsalem. 3 Sid iad, dá bhrí sin, príomhfhir na críche a bhí 'na gcónaí i Iérúsalem, agus i gcathrachaibh Iúda. Agus do chónaigh gach duine 'na shealús féin, 'na gcathrachaibh: Israél, na sagairt, na Levítigh, na Natinítigh, agus clann seirbhíseach Sholomoin.

4 Agus i Iérúsalem do chónaigh cuid de chlaínn Iúda agus cuid de chlaínn Bheniamín. De chlaínn Iúda, Ataias mhac Asaim, mac Sachariais, mac Amariais, mac Saphatais, mac Mhalaleel: de chlaínn Phares, 5 Maasia mac Bharuich, mac Chollosa, mac Hasia, mac Adaias, mac Ioiarib, mac Sachariais, mac an tSelonítigh. 6 Clann mhac Phares iad san go léir, agus chónaíodar i Iérúsalem, cheithre chéad sé dheich a hocht d'fhearaibh calma. 7 Agus sid iad maca Bheniamín: Sillum mac

Leabhar Nehemíais ar a dtugtar an tarna leabhar le hEsdras

Mhosollaim, mac Ioed, mac Phadaia, mac Cholaia, mac Mhasia, mac Eteel, mac Isaia. 8 Agus 'na dhiaidh sin Gebbai, Sellai, naoi gcéad dhá dheich a hocht. 9 Agus Ioel mac Sechri a rialtóir. Agus b'é Iudas mac Senua an tarna fear os cionn na cathrach.

10 Agus de sna sagairt Idaia mac Ioarib, Iachin, 11 Saraia mac Helciais, mac Mhosollaim, mac Sadoic, mac Mharaioit, mac Achitoib priúnsa tí Dé, 12 agus a mbráithre a bhíonn ag déanamh oibre an teampaill, ocht gcéad dhá dheich a dó, agus Adaia mac Ierohaim, mac Phelelia, mac Pheshuir, mac Mhelchiais*, 13 agus a bhráithre priúnsaí na n-athrach: dhá chéad cheithre dheich a dó. Agus Amassai mac Asreel, mac Ahasi, mac Mhosollomoit, mac Emmer, 14 agus a mbráithre a bhí ana-chómhachtach, céad dhá dheich a hocht, agus a rialtóir Sabdiel mac na gcómhachtach.

15 Agus de sna Levítigh: Semia mac Hasuib, mac Asaricaim, mac Hasabia, mac Bhoni. 16 Agus Sabatai agus Iosabed, a bhí os cionn gnóthaí tí Dé lasmu', de phriúnsaibh na Levíteach. 17 Agus Matanaia mac Mhicha, mac Sebedei, mac Asaiph, b'é an príomhfhear chun moladh ' dhéanamh agus chun glóire ' thabhairt in úrnaithibh, agus Becbecia an tarna fear, duine dá bhráithribh, agus Abda mac Samua mac Ghalgail, mac Iditúin. 18 Dhá chéad ocht ndeich a ceathair ab ea uimhir na Levíteach go léir sa chathair naofa. 19 Agus na dóirseóirí, Accub, agus Telmon, agus a mbráithre, a bhí ag cimeád na ndóirse, céad seacht ndeich a dó.

20 Agus an chuid eile d'Israél, na sagairt agus na Levítigh, bhíodar i gcathrachaibh uile Iúda, gach fear 'na shealús féin. 21 Agus na Natínitigh a chónaigh in Ophel, agus i Siaha, agus i nGaspha na Natíníteach. 22 Agus b'é feicire na Levíteach i Iérúsalem Assí mac Bhani, mac Hasabia, mac Mhatoria, mac Mhicha. De mhacaibh Asaiph ab ea na fir chantainne i ministreacht tí Dé. 23 Óir is 'na dtaobh san a bhí órdú an rí, agus órdú i measc na gcantairí ó lá go lá. 24 Agus bhí Phatahia mac Mhesesebel de chlaínn Sara mac Iúda, ag láimh an rí, ins gach ní dár bhain leis na daoine, 25 agus in sna tithibh ar fuaid a dtíortha go léir. Do chómhnaigh cuid de chlaínn Iúda i gCariat-Arbe, agus 'na bhailtibh: agus i nDibon agus 'na bhailtibh, agus i gCabseel agus 'na bhailtibh, 26 agus ag Iesue, agus ag Molada, agus ag Betphalet, 27 agus ag Hasersual, agus ag Bersabee, agus 'na bhailtibh; 28 * 29 agus ag Rammon, agus ag Saraa, agus ag Ierimut, 30 Sanoa, Odollam, agus 'na mbailtibh; ag Lachis agus 'na chríochaibh, agus ag Aseca agus 'na bhailtibh. Agus bhíodar 'na gcónaí ó Bhersabee go dtí gleann Ennoim. 31 Agus clann Bheniamín ó Gheba, ag Mechmas, agus ag Hai, agus ag Betel, agus in sna bailtibh a bhain leis. 32 Ag Anatot, Nob, Anamia, 33 Asor, Rama, Getaim, 34 Hadid, Seboim, agus Neballat, Lod, 35 agus Ono gleann na gcéardaithe. 36 Agus de sna Levítigh ab ea codacha de Iúda agus de Bheniamín.

Caib. a Dódhéag

Na sagairt agus na Levítigh a tháinig aníos le Sorobabel. Cómharbas na n-árdshagart. Solamnacht tiomnaithe an fhalla.

1 Sid iad na sagairt agus na Levítigh a tháinig aníos le Sorobabel mac Salatiel agus le Iósué: Saraia, Ieremias, Esdras, 2 Amaria, Melluch, Hattus, 3 Sebenias, Rheum, Merimut, 4 Addo, Genton, Abia, 5 Miamin, Madia, Belga, 6 Semeia, agus Ioiarib, Idaia, Sellum, Amoc, Helcias, 7 Idaia. B'in iad priúnsaí na sagart, agus a mbráithre i laethibh Iósué. 8 Agus na Levítigh: Iesua, Bennui, Cedmihel, Serabia, Iúda, Matanias, iad san agus a mbráithre os cionn na hiomann: 9 agus Becbecia, agus Hani, agus a mbráithre, gach duine in' oific féin. 10 Agus do ghein Iósué Ioacim, agus do ghein Ioacim Eliasib, agus do ghein Eliasib Ioiada, 11 agus do ghein Ioiada Ionatan, agus do ghein Ionatan Iedoa. 12 Agus i laethibh Ioacim b'iad so ba shagairt agus cinn teaghlach, ar Saraia, Maraia; ar Ieremias, Hanania; 13 ar Esdras, Mosollam; agus ar Amaria, Iohanán; 14 agus ar Mhilcho, Ionatan; agus ar Sebenia, Ióseph; 15 ar Haram, Edna; ar Mharaioit, Helci; 16 ar Adaia, Sacharia; ar Ghenton, Mosollam; 17 ar Abia, Sechri; ar Mhiamin agus Moadia, Phelti; 18 ar Bhelga,

Leabhar Nehemíais ar a dtugtar an tarna leabhar le hEsdras

Samua Shemaia, Ionatan; 19 ar Ioiarib, Matanai; ar Iodaia, Assí; 20 ar Shellai, Celai; ar Amoc, Heber; 21 ar Helcias, Hasebia; ar Idaia, Natanael.

22 Do scríodh na cínnteacha Levíteacha i laethibh Eliasib, agus Ioiada, agus Iohanain, agus Ieddo, ag na sagairt i réim Dhariuis an Persach. 23 Do scríodh i leabhar na gCroinic, ar fad go dtí laethanta Iohanain mhic Eliasib, maca Léví ba chinn teaghlach. 24 Agus b'iad príúnsaí na Levíteach Hasabia agus Serebia agus Iósúe mac Chedmihel: agus a mbráithre de réir a gcuard, chun bheith ag moladh agus ag breith bhaochais, de réir órdú Dháivid an duine le Dia, agus chun bheith ag feitheamh mar a chéile in órd. 25 B'iad Matania agus Becbecia agus Obedia agus Mosollam agus Telmon, Accub, cimeádaithe na ngeataí agus na bpóirsí lasmu' de sna geataíbh. 26 Sin iad a bhí i laethibh Ioacim mhic Iósúe mhic Iesedec, agus i laethibh Nehemíais an rialtóir, agus Esdras an sagart agus an scríbhneóir.

27 Agus ag tiomnú falla Iérúsalem do sholáthraíodar na Levítigh as a n-áiteannaibh uile chun iad a thabhairt go Iérúsalem agus an tiomnú do chimeád, agus chun bheith ag déanamh áthais agus ag breith bhaochais le cantainn agus le ciomblaibh agus le saltairibh agus le cruitibh. 28 Agus do cruinníodh clann mhac na gcantairí as an machaire mórhímpall ar Iérúsalem, agus a bailtibh beaga Nehuphati, 29 agus ó thigh Ghalgail, agus ó thíorthaibh Gheba agus Asmavet. Óir bhí na cantairí tar éis bailte beaga ' chur suas dóibh féin mórhímpall ar Iérúsalem.

30 Agus do glanadh na sagairt agus na Levítigh agus do ghlanadar san an pobal agus na geataí agus an falla. 31 Agus chuireas-sa ' fhéachaint ar phríúnsaibh Iúda dul in áirde ar an bhfalla agus do cheapas dhá chóir mhóra chun bheith ag moladh, agus chuadar ar an lámh dheis ar an bhfalla i dtreo gheata an aoiligh. 32 Agus 'na ndiaidh sin chuaigh Osaias agus leath príúnsaí Iúda, 33 agus Asarias agus Esdras agus Mosollam agus Iudas agus Beniamín, agus Semeia agus Ieremias, 34 agus clann mhac na sagart agus trúmpaí acu, Sacharias mac Ionatain, mac Semeia, mac Mhatanai, mac Mhichaia, mac Sechuir, mac Asaiph, 35 agus a bhráithre Semeia, agus Asareel, agus Malalai, agus Galalai, agus Maai, agus Natanael, agus Iudas agus Hananai, agus úirlisí ceoil Dháivid, fhir Dé, acu, agus Esdras an scríbhneóir rómpu ag geata an tobair. 36 Agus chuadar ar a n-aghaidh suas, trí staighre cathrach Dháivid, ag éirí falla tigh Dháivid, agus go geata an uisce soir: 37 agus chuaigh an tarna cóir den lucht baochais a bhreith, chuadar ar an dtaobh eile agus mise 'na ndiaidh, agus leath na ndaoine ar an bhfalla, agus ar thúr na bhfúirnéisí chómh fada leis an bhfalla leathan, 38 agus os cionn gheata Ephraim, agus os cionn an tseanagheata, agus os cionn gheata an éisc agus túir Hananeel, agus túir Emaid agus chómh fada le geata na dtréad. Agus do sheasaíodar i ngeata na faire. 39 Agus do sheasaimh an dá chóir den lucht molta ag tigh Dé, agus mise, agus leath na ngiústísí mar aon liom. 40 Agus na sagairt, Eliachim, Maasia, Miamin, Michia, Elioenai, Sacharia, Hanania le trúmpaibh, 41 agus Maasia, agus Semeia, agus Eleasar, agus Assí agus Iohanan agus Melchia agus Elam, agus Eser. Agus do chanadar na cantairí* go hárd, agus b'é Iesraia a rialtóir.

42 Agus dheineadar íbirtí móra an lá san agus dheineadar gáirdeachas, mar bhí Dia tar éis iad a dhéanamh áthasach le háthas mór. Dhein a mná, leis, gáirdeachas agus a gclann, agus do háiríodh gáirdeachas Iérúsalem i bhfad ó bhaile.

43 Do cheapadar an lá san, leis, fir os cionn tithe stóir an stórais, chun na *libátíona*, agus chun na gcéadtorthaí, agus chun na ndeachún, i dtreo go dtabharfadh rialtóirí na cathrach isteach iad, tríothu san, in onóir do bhreith bhaochais, do sna sagartaibh agus do sna Levíteachaibh: óir bhí Iúda lúcháireach trí sna sagairt agus na Levítigh a bhí láithreach. 44 Ach chimeádar faire a nDia, agus friothálamh an tsásaimh, agus na cantairí agus na dóirseóirí, de réir órdú Dháivid agus a mhic Solomon. 45 Óir i laethibh Dháivid agus Asaiph, ó thosach, do ceaptí príomhchantairí, chun bheith ag moladh le *cantaicibh* agus ag breith bhaochais le Dia. 46 Agus do thugadh Israél go

Leabhar Nehemíais ar a dtugtar an tarna leabhar le hEsdras

léir, i laethibh Sorobabel agus i laethibh Nehemíais, codacha do sna cantairíbh, agus do sna dóirseóiríbh, in aghaidh an lae, agus do naomhaídís¹ na Levíteacha, agus do naomhaíodh na Levíteacha maca Aaroin.

Caib. a Trídéag

Droch-chleachtadh dá leasú.

1 Agus an lá san do léadar leabhar Mhaoise os cómhair na ndaoine: agus do fuaradh ann scríofa ná leómhfadh na hAmmonítigh ná na Moabítigh teacht isteach in eaglais Dé go deó, 2 toisc ná tánadar chun clainne Israél le harán agus le huisce: agus gur thugadar tuarastal do Bhalaam 'na gcoinnibh chun eascaine ' dhéanamh orthu, agus d'iompaigh ár nDia an eascaine chun beannachtan. 3 Agus do thárla nuair ' airíodar an dlí gur dheighleadar gach duine iasachta ó Israél. 4 Agus bhí Eliasib an sagart os cionn an ghnótha san², an té a bhí os cionn an stórais i dtigh Dé agus go raibh gaol gairid aige le Tobias. 5 Agus do dhein sé dho féin seómra mór stóir san áit 'na gcuiridís na tabharthaistí roimis, agus túis, agus árthaí, agus deachúna arbhair agus ola agus fiona, agus codacha na Levíteach agus na gcantairí agus na ndóirseóirí, agus céadtorthaí na sagart.

6 Ní rabhas-sa i Iérúsalem, ámh, i gcaitheamh na haimsire sin go léir, mar sa tarna bliain agus tríochad do Artascerses 'na rí ar Bhabulon do chuas ag triall ar an rí, agus tar éis laethanta áirithe d'iarras ar an rí: 7 agus thánag go Iérúsalem agus do thuigeas an drochní a bhí déanta ag Eliasib ar son Tobiais, tigh stóir a dhéanamh do i gcúirtibh tí Dé. 8 Agus d'fhéach sé dhómhsa go han-olc. Agus do chaitheas amach árthaí Thobiais as an dtigh stóir. 9 Agus thugas órdú agus do ghlanadar an tigh stóir agus thugas isteach ann thar n-ais árthaí tí Dé, an íbirt agus an túis. 10 Agus do chonac nár tugadh a gcodacha do sna Levíteachaigh, agus go raibh na Levíteacha agus na cantairí agus an lucht friothála imithe chun siúil, gach fear chun a tíre féin. 11 Agus d'áitíos an cás in aghaidh na ngiúistísí, agus duart: Cad fáth gur thréigeamair tigh Dé? Agus chruinníos i dteannta ' chéile iad agus chuireas ' fhéachaint orthu seasamh 'na n-áiteannaibh. 12 Agus thug Iúda go léir deachú an arbhair agus an fhíona agus na hola isteach in sna tithibh stóir. 13 Agus chuireamair os cionn na dtithe stóir Selemias an sagart agus Sadoc an scríbhneóir, agus de sna Levítigh Phadaia, agus 'na ndiaidh sin Hanan mac Sachuir, mac Matania, óir do moladh dílis iad, agus do tugadh ar a lámhaibh sin codacha na mbráithre.

14 Cuímhnich orm, a mo Dhia, mar gheall ar an ní sin, agus ná cimil amach mo cheannsachtaí, na nithe atá déanta agam i dtaobh tí mo Dhia agus a *cheremóinte*.

15 In sna laethibh sin do chonac i Iúda daoine ag satailt ar na fáscadóiríbh sa tsabóid, agus ag iompar punann, agus ag giollacht asal fé fhíon agus fé chaoraibh finiún agus fé fhígíbh agus fé an uile shaghas ualaí, dhá dtabhairt isteach i Iérúsalem lá na sabóide. Agus d'fhógras dóibh nár cheart dóibh bheith ag díol lá ná raibh sé dleathach bheith ag díol. 16 Agus bhí roinnt Tuiriánach san áit, leis, agus thugaidís iasc leó agus an uile shaghas earraí agus bhídís dhá ndíol, laethanta na sabóide, le claínn Iúda i gcathair Iérúsalem. 17 Agus d'imdheargas príomhfhir Iúda agus duart leó: Cad é an drochní é seo atá agaibh á dhéanamh, ag maslú lae na sabóide? 18 Nách iad san na nithe a dhein ár n-aithreacha, agus gur thug ár nDia na huilc seo go léir orainne agus ar an gcathair seo? Agus táthaoise ag tabhairt tuilleadh díbheirge ar Israél leis an maslú so na sabóide. 19 Agus do thárla nuair a bhí geataí Iérúsalem ar a suaimhneas lá na sabóide, gur labhras: agus do dhúnadar na geataí, agus d'órdaíos gan iad d'oscailt go dtí tar éis na sabóide: agus chuireas cuid dem sheirbhíseachaibh ag na geataí i dtreó ná tabharfadh éinne ualaí isteach lá 'na sabóide. 20 Dá

1 Caib. 12. véar. 46. "Do naomhaídís", .i. do thugaidís dóibh an ní a bhí géarrtha amach agus naomhaithe chun a n-úsáide.

2 Caib. 13. véar 4. "Mar gheall ar an ní", nú, bhí sé cionntach sa ní sin, nú, sa tsórd san.

Leabhar Nehemíais ar a dtugtar an tarna leabhar le hEsdras

dheascaibh sin d'fhan na ceannaithe, agus lucht an uile shaghas earraí do dhíol, lasmu' de Iérúsalem uair nú dho. 21 Agus do labhras leó agus duart leó: Cad chuige dhíbh bheith ag fanúint lasmu' den fhalla? Má dheineann sibh arís é sínfeadsa mo lámha libh. As san amach níor thánadar a thuilleadh sa tsabóid. 22 Do labhras leis na Levítigh, leis, gur cheart dóibh bheith glan agus teacht chun na ngeataí agus lá na sabóide do naomhú: mar gheall air sin, leis, cuímh'nigh orm, a mo Dhia, agus spáráil me de réir iomadúlachta do thrócairí ceannsa.

23 In sna laethibh sin, leis, chonac Giúdaigh a phós mná, mná ó Asotus, agus ó Ammon, agus ó Mhoab. 24 Agus do labhradh a gcleann leath i gcainnt Asotuis, agus ní fhéadaidís cainnt na nGiúdach do labhairt, ach do labhraidís de reir chainnte na ndaoine seo agus na ndaoine úd. 25 Agus do cháineas agus chuireas mo mhallacht orthu, agus do ghabhas ar chuid acu, agus ghearras an ghruaig díobh agus chuireas ' fhéachaint orthu a dhearbhu dar Dia, ná tabharfaidís a n-iníonacha dá macaibh siúd, ná ná tógfaidís a n-iníonacha san dá macaibh ná dhóibh féinig. Agus duart leó: 26 Nár dhein Solomon, rí Israél, peaca sa tsaghas san gnótha? Agus gan amhras ní raibh rí mar é i measc mórchuid náisiún, agus bhí grá ag á Dhia dho, agus do dhein Dia rí dhe os cionn Israél go léir. Agus fós thug mná ó dhúthaibh iasachta an fear san féin chun peaca. 27 Agus an ndéanfaimídne, leis, an easúmhláiocht, agus an ndéanfaimíd an t-olc so go léir ag déanamh iomarbhais in aghaidh ár nDia, agus ag pósadh ban iasachta?

28 Agus bhí duine de mhacaibh Ioiada mhic Eliasib, an t-árdshagart 'na chleamhain ag Sanaballat, an Horoníteach, agus do chomáineas uaim é. 29 Cuímh'nigh, a Thiarna Dia, orthu san a bhíonn ag truailiú na sagartachta agus dlí na sagart agus na Levíteach. 30 Agus do dheighleas uathu na daoine iasachta go léir, agus do shocraíos cuarda na sagart agus na Levíteach gach duine 'na mhinistreachta féin: 31 agus chun ofrála, adhmaid in sna tráthanna ceapaithe, agus chun na gcéadtorthaí. Cuímh'nigh orm chun maitheasa, a mo Dhia!

Amen.

Nótaí

1 *Tá peacaí déanta ag teaghlach m'athar féin*: this is a partial translation, sa the Douay Bible here has "I and my father's house have sinned".

1 *Go dtí na himeallaibh is sia amach den domhan*: PUL commented on *-ibh* in NIWU (p137): "*A fhearaibh Éirean*. It is a mistake to look upon the Irish termination *-ibh* as belonging exclusively to the dative and ablative plural. It is used in the nominative, accusative and vocative plural as well. *Do lúb an fear láidir a ghlúinibh*. (*Mo Sgéal Féin*, p. 95.) It is far older than the Latin *-ibus*, and wider in its meaning".

Error: Reference source not found *An ceárdaí óir*: the manuscript here had *an ceárd óir*, adjusted here in line with the intended sense, "goldsmith".

3 *Mac Phahait*: this is a partial translation, as the Douay Bible here has "the son of Phahath Moab".

3 *Sachai*: this is a mistranslation, as the Douay Bible here has "the son of Zachai".

4 *Falla Iérúsalem*: this is a mistranslation, as the Douay Bible here has "the walls of Jerusalem".

4 *In sna háiteannaibh*: this is a mistranslation, as the Douay Bible here has "in the place".

4 *Cuímh'nigh ar an dTiarna*: eclipsis was missing in this phrase in the manuscript and is added here.

5 *An tarna bliain ar chaogaid*: this is a mistranslation, as the Douay Bible here has "the two and thirtieth year".

5 No translation is given in the manuscript for Nehemías 5:19. The Douay Bible has: "Remember me, O my God, for good according to all that I have done for this people".

6 *Ó sna príomhfhearaibh*: this is a partial translation, as the Douay Bible here has "by the principal men of the Jews".

Leabhar Nehemíais ar a dtugtar an tarna leabhar le hEsdras

6 *'Na chleamhain ag Area*: this is a partial translation, as the Douay Bible here has “the son in law of Sechenias the son of Area”.

7 *Dhá mhíle dhá chéad seacht ndéich a dó*: this is a mistranslation, as the Douay Bible here has “two thousand one hundred seventy-two”.

8 *Trí dheich a seacht de mhíleibh trí chéad trí dheich a seacht ab ea a n-uimhir sin. Agus bhí ar a measc san trí chéad cheithre dheich a cúig de chantairibh fir agus mná*: the numbers are mistranslated here. The Douay Bible has “seven thousand three hundred thirty-seven: and among them singing men, and singing women, two hundred forty-five”.

8 *Tá inste ansan, go tí san, an ní a bhí scríofa sa chúntas úd. As so síos instear scéal Nehemíais*: this appears to be a note by PUL himself, but is given in the body of the translation of Nehemías 7:69 and so retained here.

8 *Agus bhí cluasa na ndaoine go léir ag tabhairt aire don leabhar*: this is a partial translation of Nehemías 8:3. The verse runs thus in the Douay Bible: “And he read it plainly in the street that was before the water gate, from the morning until midday, before the men, and the women, and all those that could understand: and the ears of all the people were attentive to the book”.

10 *Lucht áitribh na tíre*: this is a partial translation, as the Douay Bible here has “the inhabitants of the land, the Chanaanites”.

11 *Dá bhí [sin]*: the word *sin* was missing in the manuscript and is added here.

13 *Agus Adaia mac Ierohaim, mac Phelelia, mac Pheshuir, mac Mhelchiais*: this is a partial translation, as the Douay Bible here has “And Adaia the son of Jeroham, the son of Phelelia, the son of Amsi, the son of Zacharias, the son of Pheshur, the son of Melchias”.

13 No translation for Nehemías 11:28 is given in the manuscript. The Douay Bible has “And at Siceleg, and at Mochona, and in the villages thereof”.

14 *Do chanadar na cantairí go hárd*: a verb conjugated for the plural is used with a plural noun subject here.